Page 1 (Cover)

Reachtaíocht a bhaineann le 'saor ó thobac'

Eolas tábhachtach d'fhostóirí, do bhainisteoirí agus dóibh siúd atá i mbun áitreabh i dTuaisceart Éireann.

www.spacetobreathe.org.uk

ÁIT LE hANÁLÚ

# Bunfhíorais ar reachtaíocht 'saor ó thobac'

- Tiocfaidh an tOrdú (Tuaisceart Éireann) Caitheamh Tobac 2006 (an tOrdú) in éifeacht Dé Luain 30 Aibreán 2007. Ón dáta seo beidh sé in éadan an dlí tobac a chaitheamh sa chuid is mó de láithreacha oibre agus d'ionaid phoiblí atá 'iata' nó 'beagnach iata', ar a n-áirítear feithiclí oibre agus iompar poiblí. Tá sainmhíniú ar 'iata' agus 'beagnach iata' in Aguisín 1 ina bhfuil mionsonraí fosta ar shainmhíniúcháin eile a thagann faoin Ordú.
- Tá an reachtaíocht á tabhairt isteach le hoibrithe agus an pobal a chosaint ar chaitheamh fulangach tobac agus is iad oifigigh sláinte timpeallachta na gcomhairlí ceantair a chuirfidh i bhfeidhm í.
- Mura bhfuil díolúine i bhfeidhm, beidh áitribh 'saor ó thobac' má tá siad iata nó beagnach iata.
- Beidh orthu siúd atá freagrach as áitribh agus/nó feithiclí atá 'saor ó thobac' comharthaí 'cosc ar thobac' a chur ar taispeáint ionas go bhfuil siad sofheicthe ag gach fostaí, custaiméir agus cuairteoir. Mura gcomhlíontar an fhreagracht seo, d'fhéadfaí fógra ar phíonós socraithe dar suim £200 a ghearradh nó d'fhéadfaí duine a ionchúiseamh agus píonós dar uas-suim £1000 a ghearradh air/uirthi i gcás ciontaithe achomair.
- D'fhéadfaí fógra ar phíonós socraithe dar suim £50 a ghearradh ar phearsa aonair má chaitheann sé/sí tobac in áitreabh nó i bhfeithicil 'saor ó thobac'. Is é £1000 an t-uasphíonós i gcás ciontaithe achomair.
- Tá ceanglas dlíthiúil ar dhaoine atá freagrach as áitribh 'saor ó thobac' cosc nó stop a chur ar dhaoine ag caitheamh ann. Tá an ceanglas céanna ar thiománaithe, orthu siúd ar a bhfuil freagrachtaí bainisteoireachta agus orthu siúd ar a bhfuil freagrachtaí oird agus sábháilteachta ar fheithiclí 'saor ó thobac'. Mura gcomhlíontar an fhreagracht seo, d'fhéadfaí duine a ionchúiseamh agus píonós dar uas-suim £2500 a ghearradh air/uirthi i gcás ciontaithe achomair.
- Cruthaíodh coir úr a bhaineann le bac a chur ar oifigeach údaraithe de chuid comhairle ceantair (féach sainmhíniú in Aguisín 1) agus tá píonós i gceist dar uas-suim £1000 i gcás ciontaithe achomair.
- Tá eolas ar reachtaíocht 'saor ó thobac' agus ar mar is féidir comharthaíocht saor in aisce 'saor ó thobac' a fháil ar <u>www.spacetobreathe.org.uk</u> nó trí theagmháil a dhéanamh le ranna sláinte timpeallachta na gcomhairlí ceantair (Féach sonraí teagmhála in Aguisín 2).

Clár		
1	Intreoir	5
2	Cad chuige a bhfuil reachtaíocht 'saor ó thobac' de dhíth orainn?	5
3	Cá háit a mbeidh reachtaíocht 'saor ó thobac' i bhfeidhm?	5
4	<b>Díolúintí</b> 4.1 Cóiríocht phríobháideach 4.2 Seomraí ainmnithe i gcóiríocht chónaitheach	6 7 7
5	<ul> <li>An dlí a chomhlíonadh</li> <li>5.1 Comharthaíocht 'saor ó thobac' in áitribh 'saor ó thobac'</li> <li>5.2 Comharthaíocht 'cosc ar thobac' i bhfeithiclí 'saor ó thobac'</li> <li>5.3 Ag fáil comharthaíochta 'cosc ar thobac' saor in aisce</li> <li>5.4 Cad é atá le déanamh má bhíonn duine ag caitheamh tobac in áitribh 'saor ó thobac'</li> <li>5.5 Líne géilliúlachta</li> <li>5.6 Foscadáin tobac faoin aer</li> </ul>	8 9 9 10 11
6	Reachtaíocht 'saor ó thobac' a chur i bhfeidhm	11
7	Píonóis as neamh-chomhlíonadh reachtaíochta 'saor ó thobac'	12
8	Polasaí 'saor ó thobac'	12
Aguisín 2: Sonraí teagmhála na gcomhairlí ceantair		13 15 18

# 1. Intreoir

Ón Luan 30 Aibreán 2007, beidh sé in éadan an dlí tobac a chaitheamh sa chuid is mó de láithreacha oibre agus d'ionaid phoiblí atá 'iata' nó 'beagnach iata', ar a n-áirítear feithiclí oibre agus iompar poiblí.

Cuireann an foilseachán seo, chomh maith le suíomh idirlín <u>www.spacetobreathe.org.uk</u> eolas úsáideach ar fáil faoi reachtaíocht 'saor ó thobac'. Is ar bhonn treorach amháin ba chóir a úsáid. An té a bhfuil amhras air/uirthi faoina (h)oibleagáidí dlí, ba chóir dó/di comhairle neamhspleách dlí a iarraidh.

# 2. Cad chuige a bhfuil reachtaíocht 'saor ó thobac' de dhíth orainn?

Is é príomhchuspóir na reachtaíochta 'saor o thobac' fostaithe agus pobal Thuaisceart Eireann a chosaint ar chaitheamh tobac fulangach.

Creideann an Rialtas go diongbháilte go léiríonn an fhianaise eolaíochta agus mhíocháine go bhfuil contúirtí ag baint le caitheamh tobac fulangach. Tá fianaise leathan mhionsonraithe sa réimse seo a athbhreithníodh go criticiúil agus ar glacadh leis ar bhonn idirnáisiúnta.

# 3. Cá háit a mbeidh reachtaíocht 'saor ó thobac' i bhfeidhm?

Ó 30 Aibreán 2007, beidh reachtaíocht 'saor ó thobac' i bhfeidhm sa chuid is mó d'áitribh atá iata nó beagnach iata. **Caithfidh áitribh atá ar oscailt do phobal bheith 'saor ó thobac'**. Ní chaithfidh, áfach, áitribh atá ar oscailt don phobal nach n-úsáidtear mar láthair oibre bheith 'saor ó thobac' **ach amháin** le linn an ama a mbíonn siad oscailte don phobal (mar shampla, tithe maorga atá ar oscailt don phobal lá amháin sa bhliain agus nach láthair oibre iad).

Caithfidh áitribh bheith 'saor ó thobac' **i gcónaí** má tá siad in úsáid mar láthair oibre ag:

- a) níos mó ná duine amháin (fiú más ag amanna éagsúla nó go huaineach a oibríonn na daoine ann); nó
- b) an phobal mar ionad le hearraí nó seirbhísí a iarraidh nó a fháil ó na daoine/an duine a oibríonn ann (fiú mura mbíonn baill an phobail i gcónaí ar an láthair).

Mura bhfuil ach cuid den áitreabh oscailte don phobal nó in úsáid mar láthair oibre (féach 3(a) agus 3 (b) thuas), ní gá ach an chuid sin den áitreabh bheith 'saor ó thobac'. Beidh reachtaíocht 'saor ó thobac' i bhfeidhm fosta ar fheithiclí a úsáidtear leis an phobal nó cuid den phobal a iompar, mar shampla busanna, tacsaithe agus traenacha, agus feithiclí a úsáideann níos mó ná duine amháin ina gcuid oibre (fiú más ag amanna éagsúla nó go huaineach a oibríonn na daoine ann).

# 4. Díolúintí

Tá roinnt díolúintí ar an reachtaíocht 'saor ó thobac'. Is faoi réir coinníollacha áirithe atá siad. Is iad seo a leanas na díolúintí:

- cóiríocht phríobháideach;
- seomra ainmnithe leapa sna háiteanna seo a leanas: óstlann, teach aíochta, ósta, brú nó cumann príobháideach;
- seomra ainmnithe sna háiteanna seo a leanas: Teach cúraim cónaitheach, teach altranais, ospís nó saoráid taighde agus tástála;
- seomra ainmnithe i gcóiríocht chónaitheach in aonad meabhairshláinte;

## Aire: ní thabharfar cead caite tobac i seomra ainmnithe i gcóiríocht chónaitheach in aonad meabhairshláinte i ndiaidh 30 Aibreán 2008;

príosúin, ionaid d'ógchiontóirí agus ionaid athchuir;

Aire: Ní bhaineann an díolúin seo le hionad cuairteoirí, cumainn shóisialta, áitribh ina ndíoltar deoch mheisciúil ná le háitribh a úsáidtear i gcomhar fóillíochta fisiciúla daoine eile seachas daoine atá faoi choinneáil. Ní mór iad sin uile bheith 'saor ó thobac';

 seomra ainmnithe a úsáidtear mar chill choinneála lastigh de stáisiún póilíní, achar aclaíochta lastigh de stáisiún póilíní agus seomra agallaimh lastigh d'Ionad Mí-Úsáid Páistí agus Fiosrúcháin Éignithe (CARE);

Aire: ní thabharfar cead caite tobac i seomra ainmnithe a úsáidtear mar chill choinneála lastigh de stáisiún póilíní , achar aclaíochta lastigh de stáisiún póilíní agus seomra agallaimh lastigh d'Ionad (CARE) i ndiaidh 30 Aibreán 2008; agus

• speisialtóirí díolta tobac (ar chúiseanna samplála amháin).

# 4.1 Cóiríocht phríobháideach

Faoin reachtaíocht, ní gá cóiríocht ná áit chónaithe phríobháideach bheith 'saor ó thobac' ach amháin na háiteanna a úsáidtear mar láthair oibre agus láithreacha comh-úsáide ar nós staighrí i mbloic árasán.

Ní bhaineann an reachtaíocht le hobair a dhéantar in áit chónaithe príobháideach ar son duine atá ina chónaí ann:

- a dhéantar le cúram pearsanta amháin a sholáthar;
- le cuidiú a thabhairt maidir le hobair tí;
- le struchtúr nó hábhar an fhoirgnimh a chothabháil; nó
- le seirbhís a sholáthraítear don lucht cónaithe a shuiteáil, a chothabháil nó a bhaint amach.

Ciallaíonn sé seo, mar shampla, nach mbeidh aon cheanglas dlíthiúil ar dhuine ar bith gan tobac a chaitheamh ina n-áit chónaithe féin má bhíonn ceardaí, feighlí linbh, glantóir nó cúramóir i láthair. Sa chás seo, moltar go n-aontaíonn an té ar leis an áit chónaithe agus an té atá ag cur na seirbhíse ar fáil, roimh an chuairt, cé acu an mbeidh cead caite i gceist nó nach mbeidh, agus cá huair agus cá háit.

# 4.2 Seomraí ainmnithe i gcóiríocht chónaitheach

Áirítear ar chóiríocht chónaitheach; óstlanna, óstaí, brúnna, cumainn phríobháideacha, tithe cúraim cónaitheacha, tithe altranais, ospísí agus aonaid mheabhairshláinte. Ba chóir do dhaoine atá i bhfeighil cóiríochta cónaithí a bhféadfadh díolúin ón reachtaíocht 'saor ó thobac' bheith i bhfeidhm uirthi, machnamh cúramach a dhéanamh ar shainmhíniúcháin 'seomra leapa ainmnithe' agus 'seomra ainmnithe' mar a leagtar amach in **Aguisín 1.** 

Ar na croíphointí lena mbaineann tá:

- nuair atá seomra nó seomra leapa ainmnithe mar áit ina gceadaítear caitheamh tobac, caithfidh an t-ainmniú bheith i scríbhinn. Caithfidh an té atá i bhfeighil an t-ainmniú scríofa a chur ar fáil i gcomhar cigireachta ag oifigeach sláinte timpeallachta am ar bith.
- caithfidh seomraí nó seomraí leapa atá ainmnithe i gcomhar caitheamh tobac bheith inaitheanta go soiléir mar sheomraí ina gceadaítear caitheamh tobac.

Níl aon oibleagáid ar dhaoine atá i bhfeighil áitreabh caitheamh tobac a cheadú toisc go bhfuil díolúin ar fáil faoin reachtaíocht 'saor ó thobac'. Is é aidhm na reachtaíochta an tsolúbthacht chuí a chur ar fáil dóibh siúd atá i bhfeighil cinneadh a dhéanamh cé acu atá díolúintí oiriúnach nó nach bhfuil, bunaithe ar thoscaí a bhaineann go sainiúil lena gcuid áitreabh. D'fhéadfaí go n-áireofaí orthu seo an cineál custaiméara nó lucht cónaithe atá i gceist, leagan amach fisiciúil an áitribh agus cur i bhfeidhm reachtaíochta eile, ar nós sláinte agus sábháilteachta.

# 5. An dlí a chomhlíonadh

Ón 30 Aibreán 2007, caithfidh gach duine atá freagrach as áitribh agus as feithiclí 'saor ó thobac' céimeanna réasúnta a thógáil lena chinntiú nach gcaitheann fostaithe, custaiméirí nó cuairteoirí eile tobac.

Is **ceanglas** dlíthiúil é orthu siúd atá freagrach as áitribh agus/nó as feithiclí 'saor ó thobac':

- comharthaí 'cosc ar thobac' (féach paragraf 5.1) a chur ar taispeáint; agus
- céimeanna réasúnta, ar a n-áirítear ag cur in iúl do dhaoine go bhfuil coir á déanamh acu, a thógáil le stop a chur le daoine tobac a chaitheamh.

Ina theannta sin, **moltar** dóibh siúd atá freagrach as áitribh agus/nó as feithiclí 'saor ó thobac' na céimeanna seo a thógáil ar a laghad ar bith:

- polasaí 'saor ó thobac' a chur i bhfeidhm ag cinntiú go bhfuil a fhios ag gach ball foirne an polasaí seo a bheith ann agus na himpleachtaí a bhaineann leis (féach rannóg 8);
- gach luaithreadán a bhaint as an áitreabh;
- a chur in iúl do dhaoine atá ag caitheamh tobac go bhfuil coir á déanamh acu;
- a iarraidh orthu a n-ábhair chaithimh a chur as nó imeacht; agus
- diúltú freastal ar dhaoine atá ag caitheamh tobac in áitreabh 'saor ó thobac'.

# 5.1 Comharthaíocht 'Cosc ar thobac' in áitribh 'saor ó thobac'

Tá ceanglas dlíthiúil sa reachtaíocht orthu siúd atá freagrach as áitribh 'saor ó thobac' ar a laghad comhartha amháin 'cosc ar thobac' a chur ar taispeáint in áit shuntasach **ag gach slí isteach phoiblí.** 

Caithfidh an comhartha:

 bheith cothrom, dronuilleogach agus gan bheith níos lú ná 148 milliméadar faoi 210 milliméadar;

- an comhartha idirnáisiúnta 'saor ó thobac' a bheith air agus trastomhas ar a laghad 75 milliméadar ann (féach sainmhíniú Aguisín 1);
- agus na focail seo, i gcarachtair sholéite, a bheith air:
   'No smoking. It is against the law to smoke in these premises'.

Ar an chomhartha, d'fhéadfaí focail eile seachas 'áitreabh seo' a úsáid le tagairt a dhéanamh d'áitreabh 'saor ó thobac' ar leith, mar shampla, 'an óstlann seo'.

Is é comhartha 'cosc ar thobac' ar a bhfuil an tsiombail idirnáisiúnta 'cosc ar thobac' an riachtanas **is lú** ag slite isteach áitreabh 'saor ó thobac':

- atá lonnaithe lastigh d'áitribh eile 'saor ó thobac' (mar shampla, siopa lastigh d'ionad siopadóireachta faoi dhíon); nó
- atá ann do bhaill foirne amháin (a fhad is go dtaispeántar san áitreabh ar a laghad comhartha dronuilleogach amháin ar a bhfuil na focail atá sonraithe faoi 5.1 ar lch. 8).

# 5.2 Comharthaíocht 'cosc ar thobac' i bhfeithiclí 'saor ó thobac'

De réir na reachtaíochta tá de dhualgas orthu siúd atá freagrach as feithicil 'saor ó thobac' comhartha 'cosc ar thobac' a thaispeáint i ngach cábán. Caithfidh an tsiombail idirnáisiúnta 'cosc ar thobac' bheith ar na comharthaí 'cosc ar thobac' seo. (féach **Aguisín 1**).

# 5.3 Ag fáil comharthaíochta 'cosc ar thobac' saor in aisce

Tá samplaí de chomharthaí 'cosc ar thobac' leis an doiciméad seo agus is féidir a thuilleadh a fháil saor in aisce, comharthaíocht d'fheithiclí 'saor ó thobac' san áireamh, trí theagmháil a dhéanamh leis An Roinn Sláinte Timpeallachta de chuid do chomhairle ceantair. Tá comharthaíocht saor in aisce ar fáil le híoslódáil fosta ag <u>www.spacetobreathe.org.uk</u> ach beidh orthu siúd atá freagrach as a dtaispeáint a machnamh a dhéanamh ar riachtanais dathanna mar a leagtar amach in **Aguisín 1**. Tig le Ranna Sláinte Timpeallachta na gcomhairlí áitiúla comhairle a thabhairt ar na cineálacha comharthaíochta a chaithfidh áitribh a chur ar taispeáint le reachtaíocht 'saor ó thobac' a chomhlíonadh (féach **Aguisín 2** i gcomhar sonraí teagmhála).

# 5.4 Cad é atá le déanamh má bhíonn duine ag caitheamh tobac in áitribh 'saor ó thobac'

Táthar ag dúil le go léireoidh formhór na ndaoine meas ar an dlí nua a bhaineann le caitheamh tobac. Is tábhachtach fios a bheith agat, áfach, cad é atá le déanamh, má leanann duine éigin air/uirthi ag caitheamh tobac. Moltar:

- go dtarraingtear aird an duine ar na comharthaí 'cosc ar thobac'; go gcuirtear i gcuimhne dóibh go bhfuil coir á déanamh acu agus go n-iarrtar orthu go múinte stad den chaitheamh tobac;
- go ndeirtear leis an duine gur coir atá ann acu siúd atá freagrach as áitribh 'saor ó thobac' ligean do dhuine ar bith tobac a chaitheamh;

 go mínítear don duine go bhfuil polasaí 'saor ó thobac' ag an ghnólacht lena chinntiú go bhfuil timpeallacht shábháilte oibre ag gach ball foirne agus ag gach custaiméir;

# Más fostaí an duine atá ag caitheamh tobac:

- má thugtar neamhaird ar an rabhadh, iarr ar an fhostaí imeacht ón áitreabh láithreach (agus, más ábhartha, abair leis/léi cá háit agus cá huair a dtig leis/léi tobac a chaitheamh);
- má dhiúltaíonn an fostaí imeacht, cuir na gnáthnósanna imeachta i bhfeidhm a bhaineann le hiompraíocht fhrithshóisialta/mhídhleathach ar an láthair oibre; agus
- coinnigh taifead de gach teagmhas den chineál seo agus de na torthaí.

# Más custaiméir an duine atá ag caitheamh tobac:

- mínigh go bhfuil sé de dhualgas ar an fhoireann gan freastal air/uirthi má leantar den chaitheamh tobac;
- má leanann an custaiméir den chaitheamh tobac, ba chóir a iarraidh air/uirthi imeacht ón áitreabh (agus, más ábhartha, abair leis/léi cá háit agus cá huair a thig leis/léi tobac a chaitheamh);
- má dhiúltaíonn an custaiméir imeacht, cuir na gnáthnósanna imeachta i bhfeidhm a bhaineann le hiompraíocht fhrithshóisialta/mhídhleathach san áitreabh; agus
- coinnigh taifead de gach teagmhas den chineál seo agus de na torthaí.

Ba chóir gnáthaimh den chineál chéanna a chur i bhfeidhm le plé le caitheamh tobac i bhfeithiclí 'saor ó thobac'.

# I ngach cás ina mbagraítear foréigean nó imeagla fhisiciúil, iarr cuidiú na bpóilíní.

# 5.5 Líne géilliúlachta

Beidh líne géilliúlachta i bhfeidhm ó 30 Aibreán 2007 i leith. Cuirfidh sí seo ar chumas an phobail sáruithe reachtaíochta 'saor ó thobac' a thuairisciú. Fiosróidh oifigigh sláinte timpeallachta an tuairisc. Is é 0845 603 2500 uimhir theileafóin na líne géilliúlachta (táillí ráta áitiúil i gceist).

### 5.6 Foscadáin tobac faoin aer

Ní gá do ghnólachtaí achair chaite tobac faoin aer a chur ar fáil do bhaill foirne ná do chustaiméirí, ach má tá saoráidí den chineál sin á dtógáil ba chóir comhairle dlí agus pleanála áitiúla a iarraidh lena fháil amach, as measc nithe eile, cé acu an gcomhlíonann na struchtúir atáthar a mholadh na ceanglais dhlíthiúla i gcomhair caitheamh tobac nó nach gcomhlíonann.

Beidh roinn sláinte timpeallachta na gcomhairlí ceantair in ann a thuilleadh comhairle a thabhairt ar fhoscadáin tobac faoin aer. Féach **Aguisín 2** i gcomhar sonraí teagmhála.

# 6 Reachtaíocht 'saor ó thobac' a chur i bhfeidhm

Cuirfidh oifigigh sláinte timpeallachta na gcomhairlí ceantair an reachtaíocht 'saor ó thobac' i bhfeidhm. Tá na hoifigigh seo ag comhoibriú cheana féin le gnólachtaí i réimsí ar nós sábháilteacht bia agus sláinte agus sábháilteacht. Beidh an cur chuige céanna in úsáid leis an dlí nua caitheamh tobac a chur i bhfeidhm – ag tabhairt comhairle agus tacaíochta do ghnólachtaí nuair is féidir.

Beidh an chumhacht ag oifigigh feidhmiúcháin dul isteach in áitreabh ar bith (seachas áitreabh a úsáidtear mar áit chónaithe amháin agus nach bhfuil ar oscailt don phobal) lena fháil amach an bhfuil an dlí á chur i bhfeidhm. Déanfaidh siad measúnú fosta ar cé acu atá bearta curtha i gcrích acu siúd atá i mbun an áitribh le cosc a chur ar chaitheamh tobac nó nach bhfuil.

Déanfaidh oifigigh feidhmiúcháin cigireachtaí a bheidh réamhghníomhach (le comhairle a thabhairt do ghnólachtaí agus le comhlíonadh an dlí a dheimhniú) nó frithghníomhach (mar fhreagairt ar ghearán). D'fhéadfadh cigireachtaí bheith mar chuid de chigireachtaí eile sláinte agus sábháilteachta agus sláinteachas bia.

D'fhéadfadh oifigigh feidhmiúcháin cigireachtaí a dhéanamh ar roinnt Áirítear orthu seo cigireachtaí:

- nuair a fhógróidh cigirí go bhfuil siad leis an scéal a mheas san áitreabh; nó
- faireachas níos ceilte nuair a dhéanfaidh oifigigh an scéal a mheas trí bhreathnóireacht, agus ansin go gcuirfidh siad iad féin in aithne i ndiaidh na tréimhse faireachais.

# Déanfaidh oifigigh a ndícheall i gcónaí cur chuige neamhchoimhlinteach a bheith acu.

# 7 Píonóis as gan reachtaíocht 'saor ó thobac' a chomhlíonadh

Is coir é gan reachtaíocht 'saor ó thobac' a chomhlíonadh.

- mura gcosctar caitheamh tobac in áitribh 'saor ó thobac' d'fhéadfaí fíneáil dar uas-suim £2500 a ghearradh i gcás ciontaithe achomair.
- mura dtaispeántar comharthaíocht 'cosc ar thobac' d'fhéadfaí píonós socraithe dar suim £200 nó fíneáil dar uas-suim £1000 a ghearradh i gcás ciontaithe achomair.
- d'fhéadfaí píonós socraithe dar suim £50 nó fíneáil dar uas-suim £1000 a ghearradh i gcás ciontaithe achomair ar an té a chaitheann tobac in áitreabh 'saor ó thobac'.

# 8 Polasaí 'saor ó thobac'

Moltar go láidir do gach gnólacht polasaí scríofa 'saor ó thobac' a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ba chóir don pholasaí:

- bheith achomair agus furasta a thuiscint;
- baill den bhainisteoireacht agus den fhoireann ar a bhfuil freagracht a chur i bhfeidhm a shainaithint;
- na gnáthaimh atá le cur i bhfeidhm mura gcomhlíontar é a bheith ann;
- ceart na bhfostaithe ar obair i dtimpeallacht 'saor ó thobac' a aithint;
- eolas a thabhairt ar an dóigh le cuidiú a fháil le héirí as an tobac; agus
- a chur ar a súile do gach ball foirne agus go háirithe do bhaill nua agus do bhaill pháirtaimseartha sula dtosaíonn siad ag obair don ghnólacht.

Má bhristear an polasaí, ba chóir gníomh smachtaithe a dhéanamh, cosúil leis na gnáthaimh do chúrsaí eile smachta.

Tá polasaí 'saor ó thobac' samplach in **Aguisín 3.** Is féidir an polasaí 'saor ó thobac' samplach a íoslódáil fosta ó <u>www.spacetobreathe.org.uk</u>

# Aguisín 1:

# An tOrdú (Tuaisceart Éireann) Caitheamh Tobac 2006

Toirmisceann an tOrdú (Tuaisceart Éireann) Caitheamh Tobac 2006 (an tOrdú) caitheamh tobac i láithreacha oibre iata agus beagnach iata agus in áiteanna poiblí agus i bhfeithiclí áirithe. Tugann sé mionsonraí ar na coireanna a bhaineann leis an Ordú, na píonóis as neamh-chomhlíonadh, na riachtanais a bhaineann le taispeáint comharthaíochta 'cosc ar thobac' agus tugann sé cumhachtaí áirithe d'oifigigh údaraithe de chuid na gcomhairlí ceantair.

Déanann an tOrdú sainmhíniúchán fosta ar áitribh 'saor ó thobac' agus cuireann ar chumas an DHSSPS rialúcháin a dhéanamh a thabharfaidh díolúin d'áitribh áirithe (nó cuid d'áitribh) ar an reachtaíocht.

Leagtar amach thíos roinnt sainmhíniúchán ábhartha de chuid an Ordaithe.

- Tagraíonn caitheamh do thobac a chaitheamh nó rud ar bith ina bhfuil tobac, nó substaint ar bith eile a chaitheamh. Tá seilbh tobac lasta nó rud ar bith lasta ina bhfuil tobac san áireamh nó seilbh substaint ar bith eile i bhfoirm a bhféadfaí í a chaitheamh.
- Ciallaíonn oifigeach údaraithe i dtaca le comhairle ceantair de, duine ar bith (bíodh sé ina oifigeach de chuid na comhairle nó ná bíodh) atá údaraithe aici i scríbhinn, go ginearálta nó go sainiúil, le gníomhú ar bhearta a bhaineann leis an Ordú.
- Áirítear mar **áitribh** foirgneamh, struchtúr nó fearas ar bith (bíodh siad soghluaiste nó ná bíodh) agus puball ar bith.
- Áirítear mar fheithicil cineál ar bith feithicle, traenach, árthaigh nó gléas iompair ar bith eile seachas:
  - a) Aerárthach;
  - b) Long nó árthach foluaineach a bhféadfaí rialúcháin a dhéanamh ina leith faoi rannóg 85 den Acht Loingis Thrádála 1995 (c.21) (sábháilteacht agus sláinte ar longa) ar a n-áirítear an rannóg sin mar a chuireann Ordu i gComhairle ar bith i bhfeidhm í faoi rannóg 1 (1)(h) den Acht Árthaigh Fholuainigh 1968 (c.59).
- Áirítear obair dheonach ar **obair**.

- Tagraíonn iata d'áitribh a bhfuil síleáil nó díon acu agus, seachas doirse, fuinneoga agus pasáistí, tá siad iata go homlán, go buan nó go sealadach.
- Tagraíonn beagnach iata d'áitribh a bhfuil síleáil nó díon acu ach go bhfuil oscailt nó achar roinnt oscailtí acu sna ballaí agus gur níos lú ná leath d'achar na mballaí iad, ar a n-áirítear struchtúir eile a fheidhmíonn mar bhallaí agus gurb iad imlíne an áitribh iad. Nuair atáthar ag socrú achar oscailte no comh-achar oscailtí, níl oscailtí san áireamh ina bhfuil doirse, fuinneoga nó fearais eile ar féidir a oscailt nó a dhruidim.
- Áirítear mar dhíon struchtúr nó fearas suite nó soghluaiste ar bith ar féidir leis an t-áitreabh iomlán nó cuid den áitreabh a chumhdach mar dhíon, scáthbhrat canbháis, mar shampla.
- Ciallaíonn siombail 'cosc ar thobac' siombail ina bhfuil léiriú grafach ar aon toitín lasta amháin iata i gciorcal dearg a bhfuil trastomhas 75 milliméadar ar a laghad ann agus barra dearg trasna air.
- Ciallaíonn **seomra ainmnithe** in óstlann, teach aíochta, ósta nó cumann príobháideach, seomra:
  - a) atá leagtha amach go heisiach mar chóiríocht chodlata;
  - b) atá ainmnithe i scríbhinn ag an té atá i mbun an áitribh ina bhfuil an seomra suite mar sheomra ina bhfuil cead tobac a chaitheamh;
  - c) a bhfuil síleáil aige agus, seachas doirse agus fuinneoga, atá go hiomlán iata ar gach taobh ag ballaí soladacha urlár go síleáil;

- nach bhfuil córas aerála aige a aerálann isteach i gcuid ar bith eile den áitreabh (seachas seomra leapa ainmnithe eile) no in áitreabh ar bith eile;
- e) nach bhfuil doras ar bith aige a osclaíonn ar áitribh 'saor ó thobac' nach ndruidtear go meicniúil láithreach i ndiaidh a úsáide; agus
- f) atá marcáilte go soiléir mar sheomra leapa ina gceadaítear caitheamh tobac.

Ní áirítear ar **sheomra leapa** suanlios nó seomra ar bith a chuireann duine atá i mbun áitribh ar fáil faoi shocruithe eile do dhaoine le roinnt eatarthu ag an am céanna.

- Seomra ainmnithe a úsáidtear mar chóiríocht do dhaoine d'aois 16 bliana nó níos mó i dtithe cónaitheacha cúraim, i dtithe altranais agus in ospísí, ciallaíonn sé sin seomra a úsáidtear i gcomhar caitheamh tobac amháin:
  - a) atá ainmnithe i scríbhinn ag an té atá i mbun an áitribh ina bhfuil an seomra mar sheomra ina gceadaítear caitheamh tobac;
  - b) ina bhfuil síleáil agus, seachas doirse agus fuinneoga, atá go hiomlán iata ar gach taobh ag ballaí soladacha urlár go síleáil;
  - nach bhfuil córas aerála aige a aerálann isteach i gcuid ar bith eile den áitreabh (seachas seomra leapa ainmnithe eile) no in áitreabh ar bith eile;
  - nach bhfuil doras ar bith aige a osclaíonn ar áitribh 'saor ó thobac' nach ndruidtear go meicniúil láithreach i ndiaidh a úsáide; agus
  - e) atá marcáilte go soiléir mar sheomra leapa ina gceadaítear caitheamh tobac.
- Ciallaíonn Seomra ainmnithe a úsáidtear d'othar d'aois 16 bliana nó níos mó i gcóiríocht chónaitheach in aonad meabhairshláinte, seomra a úsáidtear i gcomhar caitheamh tobac amháin:
- a) atá ainmnithe i scríbhinn ag an té atá i mbun an áitribh ina bhfuil an seomra mar sheomra ina gceadaítear caitheamh tobac;

- b) ina bhfuil síleáil agus, seachas doirse agus fuinneoga, atá go hiomlán iata ar gach taobh ag ballaí soladacha urlár go síleáil;
- nach bhfuil córas aerála aige a aerálann isteach i gcuid ar bith eile den áitreabh (seachas seomra leapa ainmnithe eile) no in áitreabh ar bith eile;
- nach bhfuil doras ar bith aige a osclaíonn ar áitribh 'saor ó thobac' nach ndruidtear go meicniúil láithreach i ndiaidh a úsáide; agus
- e) atá marcáilte go soiléir mar sheomra leapa ina gceadaítear caitheamh tobac.

# Aire: ní thabharfar cead caite tobac i seomra ainmnithe i gcóiríocht chónaitheach in aonad meabhairshláinte i ndiaidh 30 Aibreán 2008.

Is féidir comhad PDF den Ordú ina iomláine a fháil ó <u>www.spacetobreathe.org.uk</u> nó ón Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí. Is féidir ceisteanna a ardaítear go minic agus na freagraí a bhaineann leis an Ordú a fháil fosta ar <u>www.spacetobreathe.org.uk</u>

#### Aguisín 2:

#### Sonraí teagmhála na gcomhairlí ceantair

#### **Comhairle Baile Aontrama**

Antrim Civic Centre 50 Styles Way Aontraim BT41 2UB Teil: 028 9446 3113 www.antrim.gov.uk

#### Comhairle Baile na hArda

2 Church Street Baile Nua na hArda BT23 4AP Teil: 028 9182 4000 www.ards-council.gov.uk

#### Comhairle Chathair agus Ceantair Ard Mhacha

Council Offices The Palace Demesne Ard Mhacha BT60 4EL Teil: 028 3752 9600 www.armagh.gov.uk

#### Comhairle an Bhaile Mheánaigh

'Ardeevin' 80 Galgorm Road An Baile Meánach BT42 1AB Teil: 028 2566 0300 www.ballymena.gov.uk

#### **Comhairle Bhaile Mhonaidh**

Riada House 14 Charles Street Baile Monaidh BT53 6DZ Teil: 028 2766 0200 www.ballymoney.gov.uk

#### **Comhairle Ceantair Dhroichead na Banna**

Civic Building Downshire Road Droichead na Banna BT32 3JY Teil: 028 4066 0600 www.banbridge.gov.uk Comhairle Chathair Bhéal Feirste City Hall Béal Feirste BT1 5GS Teil: 028 9032 0202 www.belfastcity.gov.uk

#### **Comhairle Baile Charraig Fhearghais**

Carrickfergus Museum and Civic Centre Antrim Street Carraig Fhearghais BT38 7DG Teil: 028 9335 8000 www.carrickfergus.org

### Comhairle Baile an Chaisleáin Riabhaigh

Civic Offices Bradford Court Upper Galwally An Caisleán Riabhach Béal Feirste BT8 6RB Teil: 028 9049 4500 www.castlereagh.gov.uk

#### Comhairle Baile Chúil Raithin

Cloonavin 66 Portstewart Road Cúil Raithin BT52 1EY Teil: 028 7034 7034 www.colerainebc.gov.uk

#### Comhairle Ceantair na gCorr Críochach Burn Road Na Corra Críochacha BT80 8DT Teil: 028 8676 2205 www.cookstown.gov.uk

#### **Comhairle Baile Craigavon**

PO Box 66 Civic Centre Lakeview Road Craigavon BT64 1AL Teil: 028 3831 2400 www.craigavon.gov.uk

#### **Comhairle Chathair Dhoire**

98 Strand Road Doire BT48 7NN Teil: 028 7136 5151 www.derrycity.gov.uk

#### Comhairle Ceantair an Dúin

24 Strangford Road Dún Pádraig BT30 6SR Teil: 028 4461 0800 www.downdc.gov.uk

#### Comhairle Baile Dhún Geanainn agus Thír Eoghain Theas

Council Offices Circular Road Dún Geanainn BT71 6DT Teil: 028 8772 0300 www.dungannon.gov.uk

#### **Comhairle Ceantair Fhear Manach**

Townhall Inis Ceithleann BT74 7BA Teil: 028 6632 5050 www.fermanagh.gov.uk

#### **Comhairle Baile Latharna**

Smiley Buildings Victoria Road Latharna BT40 1RU Teil: 028 2827 2313 www.larne.gov.uk

#### Comhairle Baile Léim an Mhadaidh

7 Connell Street Léim an Mhadaidh BT49 0HA Teil: 028 7772 2226 www.limavady.gov.uk

# Comhairle Chathair Lios na gCearrbhach

Lagan Valley Island Island Civic Centre The Island Lios na gCearrbhach BT27 4RL Teil: 028 9250 9250 www.lisburncity.gov.uk

#### **Comhairle Ceantair Mhachaire Fíolta**

50 Ballyronan Road Machaire Fíolta BT45 6EN Teil: 028 7939 7979 www.magherafelt.gov.uk

#### **Comhairle Ceantair na Maoile**

Sheskburn House 7 Mary Street Baile an Chaistil BT54 6QH Teil: 028 2076 2225 www.moyle-council.org

#### Comhairle Ceantair an Iúir agus Mhorna

Monaghan Row Iúr Cinn Trá BT35 8DJ Teil: 028 3031 3031 www.newryandmourne.gov.uk

#### **Comhairle Bhaile Nua na Mainistreach**

Mossley Mill Baile Nua na Mainistreach BT36 5QA Teil: 028 9034 0000 www.newtownabbey.gov.uk

#### Comhairle Baile an Dúin Thuaidh

Town Hall The Castle Beannchar BT20 4BT Teil: 028 9127 0371 www.northdown.gov.uk

#### Comhairle Ceantair na hÓmaí

The Grange Mountjoy Road An Ómaigh BT79 7BL Teil: 028 8224 5321 www.omagh.gov.uk

#### Comhairle Ceantair an tSratha Báin

47 Derry Road An Srath Bán BT82 8DY Teil: 028 7138 2204 www.strabanedc.org.uk

# Aguisín 3:

# Polasaí samplach 'saor ó thobac'

# Aidhm

Forbraíodh an polasaí seo le gach fostaí, úsáideoir seirbhíse, custaiméir agus cuairteoir a chosaint ar chaitheamh fulangach tobac agus le go gcomhlíonfar an tOrdú (Tuaisceart Éireann) Caitheamh Tobac 2006.

Méadaíonn caitheamh fulangach contúirtí ailse na scamhóg, galair croí agus tinnis eile. Ní choscann aeráil ná lucht caite tobac a scaradh ó lucht 'saor ó thobac' an caitheamh fulangach.

# Polasaí

Is é polasaí [AINM NA GNÓLACHTA] go mbeidh ár láithreacha oibre uile 'saor ó thobac' agus go bhfuil sé de cheart ag gach fostaí dár gcuid bheith ag obair i dtimpeallacht 'saor ó thobac'. Tiocfaidh an polasaí in éifeacht ar [DÁTA] agus athbhreithneoidh [AINM] é ar [DÁTA].

Tá cosc ar thobac sa láthair oibre ar fad gan eisceacht. Áirítear air seo feithiclí an chomhlachta. Tá an polasaí seo i bhfeidhm ar gach fostaí, comhairleoir, conraitheoir, custaiméir, comhalta agus cuairteoir.

[MÁ TÁ LÁTHAIR SHEACHTRACH ANN INA BHFUIL CEAD AG FOSTAITHE AGUS AG CUSTAIMÉIRI TOBAC A CHAITHEAMH, BA CHÓIR GO GCOMHLÍONFADH SIAD AN DLÍ AGUS IS FÉIDIR IAD A LEAGAN AMACH ANSEO]

# Cur i bhfeidhm

Is ar [AINM (an bainisteoir nó an duine atá i mbun an áitribh)] a luíonn freagracht iomlán an polasaí a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.

Ní mór do gach ball foirne cloí le cur i bhfeidhm an pholasaí agus é a éascú. Cuirfidh an té atá ainmnithe thuas eolas faoin pholasaí agus a ról ina chur i bhfeidhm agus ina mhonatóireacht in iúl do gach fostaí, comhairleoir agus conraitheoir atá linn faoi láthair. Chomh maith leis sin, tabharfaidh siad cóip den pholasaí do phearsanra nua ar earcú/ionduchtú dóibh. Cuirfear comharthaí cuí 'cosc ar thobac' ar taispeáint go soiléir ar an tslí isteach agus lastigh den áitreabh.

# Neamh-Chomhlíonadh

Cuirfear nósanna imeachta smachtaithe i bhfeidhm ar bhall foirne ar bith nach gcloíonn leis an pholasaí seo. Ba chóir gnáthnósanna imeachta a chur i bhfeidhm mura gcloíonn custaiméir, cuairteoir nó paisinéir leis an pholasaí. Faoin reachtaíocht 'saor ó thobac', d'fhéadfadh coireanna a bhaineann le taispeáint comharthaíochta agus le tobac a chaitheamh in ionad 'saor ó thobac' bheith ina gcúis fógra píonóis shocraithe nó ionchúisimh. D'fhéadfaí an té nár chuir cosc ar thobac in ionad 'saor ó thobac' a ionchúiseamh.

# Cuidiú le héirí as caitheamh tobac

Tabharfar tacaíocht do lucht caite tobac ar mian leo éirí as, [MIONSONRAÍ ÁITIÚLA ANSEO]

Is seirbhís shaorfhóin é Cabhairlíne lucht tobac ar 0800 85 85 85 a thugann comhairle agus tacaíocht chairdiúil do lucht caite tobac faoi eirí as. Más mian leat labhairt le duine go pearsanta, cuir ceist ag do chleachtas dochtúra teaghlaigh nó ag an chógaslann áitiúil mar a bhfaighidh tú comhairle ghinearálta ar theiripe athsoláthair nicitín agus ar chóireáil gan nicitín.

# NO SMOKING It is against the law to smoke in these premises



# **COSC AR THOBAC**

Tá sé in éadan an dlí tobac a chaitheamh san áitreabh seo

# **NO SMOKING**

It is against the law to smoke in these premises